**COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ**
**CORK CITY COUNCIL**

**An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair**

**FOIRM R1** **IARRATAS AR DHÚNADH SEALADACH BÓTHAIR** **Meán Fómhair 2011**

*SEOMRA 335, HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH.* Teil: 021-4924330 , Facs: 021- 4924024

**Uimh. Thagartha: R1 / ______ /**
(Úsáid Oifigiúil Amháin)

1. Iarratasóir:________________________________________

2. Seoladh an Iarratasóra:________________________________________

________________________________________

3. Teagmhálaí Saincheaptha: ________________________________________

4. Uimh. Theileafóin Teagmhála : __________ Uimh. Fhóin Phóca: __________ Uimh. Facs__________

5. Ainm Bóthair/Sráide: ________________________________________

6. Cuid den Bhóthar:
Ó:________________________________________

Go: ________________________________________

7. Dátaí an Dúnta: Ó:__________________________Go: __________________________

8. Uaireanta an Dúnta: Ó ________________________ Go: __________________________

9. An Chúis leis an Dúnadh: ________________________________________

10. Fad an Bhóthair a mbeidh éifeacht air: ________________________________________méadar

11. Fad na Páirceála Dioscaí: ________________________________________

12. Líon na mBánna Páirceála Dioscaí a mbeidh éifeacht orthu: ________________________________

Sa chás nach bhfuil bánna páirceála sainithe beidh aonad spáis líneach 5 mhéadar ann ar bhóthar poiblí i limistéar Páirceála Dioscaí

**Ní mór plean bainistíochta tráchta a chur isteach le gach iarratas (féach Coinníoll 2 lastall) mar aon le héarlais.**

Déanaim iarratas leis seo ar fhaomhadh ar dhúnadh sealadach bóthair agus aontaím go mbeidh mé faoi cheangal ag na coinníollacha ginearálta atá liostaithe mar aon leis na coinníollacha sainiúla arna bhforfheidhmiú ag Comhairle Cathrach Chorcaí.
D'aontaigh mé forálacha ráiteas oibreacha comhaontaithe an phlean bainistíochta tráchta a chomhlíonadh.
Geallaim leis seo polasaí dliteanais phoiblí a choimeád lena mbainfidh íosteorainn slánaíochta €6,500,000 maidir le héileamh aonair a shlánóidh Comhairle Cathrach Chorcaí in aghaidh éileamh, imeachtaí, dliteanas, caillteanas nó costas uile de chineál ar bith a thiocfaidh as dúnadh sealadach bóthair.

**Teagmhálaí Saincheaptha/ Comhordaitheoir Sábháilteachta agus Sláinte ar an láithreán**:
____________________________

**Uimh. Fhóin Phóca:** ____________________ **Uimh. Theileafóin san Oíche** ________________________
**(BLOCLITREACHA)**

**Dáta :** __________________________ **Sínithe:** ______________________________________

**AINM: (BLOCLITREACHA)** ______________________________________

***Úsáid oifigiúil amháin***

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir na hAdmhála:** | | **Uimhir na hIarmhairte Bóthair:** | |
| **Uimh. Thagartha Úsáide** | | **Moratóirí Oibreacha Bóthair:** | |

## Coinníollacha

1. Déanfar iarratais mí amháin ar a laghad roimh an dáta dúnta atá molta chun deis a thabhairt na hiarratais a phróiseáil agus fógraíocht a dhéanamh.

2. Déanfaidh an t-iarratasóir Plean Bainistíochta Tráchta a chur isteach i scríbhinn ina sonrófar an bealach/na bealaí malartaithe slí atá molta.
   Ba cheart go mbeidh an méid seo a leanas san áireamh leis an bplean:
   - foráil do choisithe agus do rochtain áitiúil
   - an láthair agus sonraí maidir le comharthaíocht
   - sonraí maidir le seachadadh ábhar (i gcás láithreán forbraíochta), agus
   - sonraí maidir le haon scipeanna (i gcás láithreán forbraíochta).

3. Mura dtreoraítear a mhalairt, ba cheart go mbeadh "NÍ TRÉBHÓTHAR É SEO (NO THROUGH ROAD)" seachas "BÓTHAR DÚNTA (ROAD CLOSED)" le léamh ar chomharthaí ar an gcuid den bhóthar atá i gceist.

4. Mar chuid den Phlean Bainistíochta Tráchta, ní mór don iarratasóir méid na n-oibreacha a shainiú .i. an fad. Tá sé seo riachtanach i gcás oibreacha seasta i. oibreacha ag láthair shainiúil agus le haghaidh oibreacha a bhíonn ag bogadh i. oibreacha a dhéantar ar feadh sráide nó bóthair.

5. Déanfaidh an t-iarratasóir léaráid den láithreán a chur ar fáil ina léireofar an compún, láthair na n-ábhar, an ghléasra srl.

6. Déanfar ábhair a stóráil laistigh den limistéar atá sainithe mar an láithreán agus ní sa chuid eile den charrbhealach poiblí.

7. Ní foláir nó nach mbainfear úsáid as an mbóthar poiblí mar áitreabh bothanna láithreáin gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Rannóg um Rialú Bóithre.

8. Ní dhéanfar feithiclí neamh-earraí a lonnú laistigh den láithreán. Ní cheadaítear feithiclí ná gléasra nach bhfuil curtha ag obair a choimeád ar an láithreán.

9. Déanfaidh an t-iarratasóir éarlais a chur isteach tráth an iarratais chun costais fógraíochta agus riaracháin a chlúdach. D'fhéadfaí muirir bhreise a chur i bhfeidhm tar éis an t-iarratas a bhreithniú. Féach Aguisín V de *"The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City"* le haghaidh táillí reatha.

10. Déanfaidh an tIarratasóir agus déanann sé leis seo Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú in aghaidh gach dualgais maidir le gortú daoine agus díobháil maoine a thiocfaidh as dúnadh bóthair ar feadh na tréimhse agus na hamanna a mbeidh an dúnadh bóthair i bhfeidhm lena linn. **Beidh an tslánaíocht íosta ar thionóisc aonair cothrom le € 6,500,000**

11. Sa chás go mbeidh gá comharthaí reachtúla a bhaint anuas leis na hoibreacha molta, déanfaidh Rannóg Tráchta Chomhairle Cathrach Chorcaí na comharthaí a bhaint nuair a thosóidh na hoibreacha molta agus déanfar iad a athsholáthar i ndiaidh do na hoibreacha a bheith críochnaithe, agus déanfar sin ar chostas an iarratasóra.

12. Beidh ar an iarratasóir íoc as comharthaíocht ar bith eile atá bainteach leis an dúnadh bóthair nó le coimeád an dúnta.

13. Ina theannta sin, déanfaidh an t-iarratasóir, más cuí, costas ar bith eile a thabhaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí a íoc m.sh. bánna páirceála a chur ar fionraí agus athsholáthar sealadach ar mharcanna bóthair. Féach Aguisín V de *"The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City"* le haghaidh táillí reatha.

14. D'fhéadfaí an dúnadh bóthair a chur ar ceal mar thoradh ar na coinníollacha seo a shárú ar aon bhealach.